Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13664/22**

**CYBER 327**
**TELECOM 410**
**COSI 247**
**COPEN 354**
**DATAPROTECT 280**
**IND 413**
**RECH 547**
**HYBRID 99**
**JAI 1326**
**POLMIL 225**
**RELEX 1357**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12930/22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil an tslabhra soláthair TFC<br>– Conclúidí ón gComhairle formheasta ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 17 Deireadh Fómhair 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil an tslabhra soláthair TFC, mar a d’fhormheas an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici an 17 Deireadh Fómhair 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil an tslabhra soláthair TFC**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MHEABHRÚ DI na conclúidí uaithi maidir leis an méid seo a leanas:

– Teachtaireacht Chomhpháirteach an 20 Samhain 2017 chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: 'Athléimneacht, Bacadh agus Cosaint: Cibearshlándáil láidir a thógáil don Aontas',

– fothú acmhainneachta agus forbairt cumas i ndáil leis an gcibearshlándáil san Aontas,

– tábhacht 5G do gheilleagar na hEorpa agus an gá atá le rioscaí slándála a bhaineann le 5G a mhaolú,

– Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a mhúnlú,

– 'Téarnamh lena gcuirtear chun cinn an t-aistriú go tionscal Eorpach níos dinimiciúla, níos athléimní agus níos iomaíche'

– cibearshlándáil feistí ceangailte,

– Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh sa Deacáid Dhigiteach,

– cibirsheasamh an Aontais Eorpaigh a fhorbairt,

– Tuarascáil Speisialta Uimh. 3/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Cur i bhfeidhm 5G san Aontas Eorpach: moilleanna ar chur chun feidhme líonraí le saincheisteanna slándála atá fós gan réiteach',

Á MHEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle maidir leis an méid seo a leanas:

– COVID-19, an Margadh Aonair, an beartas tionsclaíoch, an caidreamh digiteach agus seachtrach an 1 agus an 2 Deireadh Fómhair 2020,

– fogha míleata na Rúise faoin Úcráin, slándáil agus cosaint, fuinneamh, saincheisteanna eacnamaíocha, Covid-19 agus caidreamh seachtrach an 24 agus an 25 Márta 2022,

– an Úcráin, slándáil bia, slándáil agus cosaint agus fuinneamh an 30 agus an 31 Bealtaine 2022,

1. I bhfianaise ábharthacht na geopholaitíochta maidir leis an gcibearshlándáil a bheith ag dul i méid, CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go gcaithfidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit dul i ngleic leis an gcibearshlándáil ar bhealach cuimsitheach agus straitéiseach. Tá athrú mór tagtha ar thimpeallacht straitéiseach agus slándála an Aontais Eorpaigh mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus is léir anois go gcaithfidh an tAontas Eorpach a bheith níos láidre agus níos cumasaí i réimse na slándála agus na cosanta. Tá aird tarraingthe ag an gcogadh ar a ríthábhachtaí atá sé an timpeallacht gheopholaitiúil a chur san áireamh go hiomchuí, ní hamháin nuair is ag freagairt ar chibirghníomhaíochtaí mailíseacha atáthar, ach nuair a bhíonn athléimneacht teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) á tógáil agus á cothabháil freisin. Gabhann tábhacht ar leith leis sin maidir le slabhraí soláthair tháirgí agus sheirbhísí TFC (slabhraí soláthair TFC), a bhféadfaí iad a chur i mbaol ar bhonn iomaíocht gheopholaitiúil, mar a léirigh ionsaí SolarWinds, a bhféadfadh teannas agus éagobhsaíocht gheopholaitiúil tionchar a bheith orthu freisin, mar a léirigh an bhagairt a bhain leis an spleáchas ar dhíoltóirí TFC na Rúise tráth fhogha míleata na Rúise faoin Úcráin.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, de bharr chineál na rioscaí a bhaineann leis an slabhra soláthair TFC, atá comhdhéanta de shraith nasctha d'acmhainní agus de phróisis idir oibreoirí eacnamaíocha (mar a shainítear i Rialachán (AE) 2019/1020) a thosaíonn le hamhábhair a fhoinsiú agus a chuimsíonn táirgí agus seirbhísí TFC a mhonarú, a phróiseáil, a láimhseáil agus a sheachadadh, lena n-áirítear tacaíocht a sholáthar le linn shaolré tháirgí agus sheirbhísí TFC, go ngabhann dúshláin ar leith leis chomh maith le hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith forleathan. Chomh maith leis na rioscaí a bhaineann le táirgí TFC gan a bheith ar fáil mar gheall, mar shampla, ar ghanntanais amhábhar criticiúil agus ganntanais leathsheoltóirí a theastaíonn chun iad a tháirgeadh, tá bagairtí eile ann nach bhfuil cosaint ag slabhraí soláthair tháirgí agus sheirbhísí TFC orthu. Go háirithe, d'fhéadfadh gníomhaithe mailíseacha díriú orthu nó mí-úsáid a bhaint astu ar bhealaí sofaisticiúla, go minic faoi cheilt, a mbíonn tionchair acu ar rúndacht, sláine agus infhaighteacht sonraí íogaire tarchurtha agus stóráilte.

3. Á aithint di go bhfuil gá le cur chuige uile-ghuaise chun sócmhainní TFC a chinntiú, ADMHAÍONN SÍ a ábhartha atá an togra le haghaidh Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil chun feabhas a chur ar shlándáil fhisiceach eintiteas criticiúil, agus CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT, anuas ar an tábhacht a ghabhann le hathléimneacht in aghaidh ionsaithe ar an slabhra soláthair a dhéantar trí chibirmheáin, go bhfuil sé chomh tábhachtach céanna athléimneacht agus slándáil fhoriomlán na slabhraí soláthair TFC a neartú i gcoinne na mbagairtí éagsúla go léir atá ann, amhail teagmhais nádúrtha, teipeanna córais, bagairtí cos istigh, nó earráidí daoine. Ar an gcaoi sin, AITHNÍONN SÍ go gcuimsíonn slándáil an tslabhra soláthair TFC cosaint a áirithiú freisin do tháirgí agus do sheirbhísí TFC a tháirgtear, a sheachadtar, a sholáthraítear agus a úsáidtear i slabhraí soláthair TFC, lena n-áirítear trí chomhpháirteanna aonair agus sonraí tarchurtha a chosaint.

4. Ag tarraingt di ó na ceachtanna a foghlaimíodh ó iarmhairtí spleáchais straitéiseacha an Aontais Eorpaigh ar bhreoslaí iontaise ón Rúis agus ó na tionchair a bhí ag an suaitheadh ar na slabhraí soláthair le linn phaindéim COVID-19, go háirithe i ndáil le cógais agus leathsheoltóirí, mar ar nochtadh spleáchais straitéiseacha an Aontais, MOLANN SÍ go n-oibreodh na Ballstáit chun cásanna dá leithéidí a sheachaint inarbh ann do spleáchais sheachtracha straitéiseacha, nach dteastaíonn, i ndáil le táirgí agus seirbhísí TFC. Agus fás ag teacht ar dhigiteáil na sochaí agus síormhéadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as TFCanna i mbonneagar criticiúil, ba cheart measúnú leanúnach a dhéanamh ar spleáchais sheachtracha straitéiseacha a bhaineann le táirgí agus seirbhísí TFC agus a slabhraí soláthair agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na spleáchais sin.

5. MEABHRAÍTEAR DI gur príomhchuspóir don Aontas é uathriail straitéiseach a bhaint amach agus geilleagar oscailte á chaomhnú ag an am céanna agus is cuid de sin é spleáchais straitéiseacha a shainaithint agus a laghdú agus an athléimneacht a mhéadú sna héiceachórais thionsclaíocha is íogaire agus i réimsí sonracha, lena n-áirítear an réimse digiteach. Is éard atá i gceist leis sin acmhainneachtaí digiteacha straitéiseacha agus bonneagar digiteach straitéiseach a fhorbairt agus a imscaradh, agus ár gcumas a threisiú maidir le roghanna teicneolaíocha uathrialacha a dhéanamh, agus, mar cheann de na príomhcholúin, bonneagair, táirgí agus seirbhísí athléimneacha slána a áirithiú chun an mhuinín a chothú sa Mhargadh Aonair Digiteach agus laistigh de shochaí na hEorpa, agus oscailteacht, comhar domhanda le comhpháirtithe atá ar aon dearcadh linn agus iomaíochas á gcoinneáil ag an am céanna, agus leas á bhaint as na sochair a d'fhéadfadh teacht as sin. Caomhnaítear go háirithe i gcroíluachanna an Aontais Eorpaigh an príobháideachas, an tslándáil, an comhionannas, dínit an duine, an smacht reachta agus an tIdirlíon oscailte mar réamhriachtanais chun go mbainfear amach sochaí, geilleagar agus tionscal atá dírithe ar an duine agus bunaithe ar an digitiú.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, gur rídhócha, mar gheall ar fhorbairtí i dtimpeallacht na cibearbhagairtí, a léirigh na hionsaithe mórthionchair agus sofaisticiúla a rinneadh ar an slabhra soláthair le blianta beaga anuas, amhail ionsaí SolarWinds, Mimecast, nó Kaseya, a tháinig chun cinn nuair a bhí seirbhísí riachtanacha TFC á seachfhoinsiú agus ar mó an tionchar a bhí acu de dheasca spleáchas foriomlán ar tháirgí agus seirbhísí TFC a mhonaraíonn agus a sholáthraíonn tríú páirtithe nó a ndéanann tríú páirtithe seirbhísiú orthu, go ndéanfar níos mó ionsaithe amach anseo ar an slabhra soláthair agus go ndéanfaidh na hionsaithe sin damáiste suntasach don gheilleagar agus don tsochaí. I bhfianaise an mhéid sin, CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé slándáil agus athléimneacht na slabhraí soláthair TFC a fheabhsú ar mhaithe le feidhmiú an Mhargaidh Aonair agus gur gá infhaighteacht, slándáil agus éagsúlacht na dtáirgí agus seirbhísí TFC sa Mhargadh Aonair a áirithiú. Dá bhrí sin, ADMHAÍONN SÍ gur gá uasmhéadú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as na hionstraimí agus na cineálacha cur chuige atá cheana féin ag an Aontas chun na cuspóirí sin a bhaint amach agus gur gá oiriúnú go leanúnach do thimpeallacht athraitheach na cibearbhagairtí trí bhearta agus sásraí oiriúnacha breise a thabhairt isteach, lena n-áirítear i ndáil le rioscaí slándála a d’fhéadfadh teacht ó theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí suaiteacha. MOLANN SÍ do na Ballstáit an cur chuige rioscabhunaithe a shaothrú i ndáil leis sin chun dul i ngleic le forbairtí nua teicneolaíochta.

7. ADMHAÍONN SÍ a ríthábhachtaí atá sé tuiscint a fháil ar thimpeallacht shíoréabhlóideach na cibearbhagairtí agus ar chastacht na n-ionsaithe ar an slabhra soláthair má táthar chun na rioscaí a bhaineann le slabhraí soláthair TFC a mhaolú go héifeachtach. I ndáil leis an méid sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá dul in oiriúint do bhagairtí nua trí fhaireachán, anailís agus measúnú gníomhach agus leanúnach a dhéanamh ar thimpeallacht na mbagairtí ar an slabhra soláthair, gur gá feasacht a mhúscailt agus eolas a bhailiú faoi bhagairtí agus leochaileachtaí, agus gur gá a bheith réamhghníomhach maidir le foláirimh a thabhairt d’eintitis ábhartha ar bhealach saincheaptha. Is díol sásaimh di an obair atá á déanamh ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) maidir le slándáil an tslabhra soláthair TFC, go háirithe a tuarascáil *Report on the Threat Landscape for Supply Chain Attacks* [Timpeallacht na bagartha ar an slabhra soláthair].

IONSTRAIMÍ AGUS CINEÁLACHA CUR CHUIGE TRASEARNÁLA

8. ATHDHEARBHAÍONN sí a thábhachtaí atá sé do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le soláthróirí TFC criticiúla a éagsúlú chun nach mbeifear ag brath chomh mór sin ar sholáthróirí aonair, go háirithe ar sholáthróirí ardriosca, nó chun an oiread a mbítear ag brath orthu a theorannú, ós rud é go méadaíonn sé an neamhchosaint ar iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás suaite. AITHNÍONN SÍ go seachnaítear gaibhniú díoltóirí agus éagsúlú soláthróirí TFC mar cheann de na gnéithe tábhachtacha chun cobhsaíocht agus slándáil an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an gá atá le straitéisí iomchuí a chur chun cinn agus a chur chun feidhme lena n-éascaítear éagsúlú díoltóirí agus iomaíochas ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Ina theannta sin, MOLANN SÍ gnéithe a bhaineann le cosc a chur ar ghaibhniú díoltóirí a chomhtháthú i reachtaíocht an Aontais. I ndáil leis an méid sin, ADMHAÍONN SÍ an togra le haghaidh Rialachán maidir le rialacha comhchuibhithe i ndáil le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí (an Gníomh um Shonraí), arb é is aidhm dó idir-inoibritheacht na seirbhísí próiseála sonraí a mhéadú agus bacainní ar mhalartú idir soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí a bhaint.

9. AITHNÍONN SÍ nasc idir slándáil an tslabhra soláthair TFC agus soláthar poiblí. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur gá go gcuirfí san áireamh go leordhóthanach sna nósanna imeachta soláthair phoiblí an tábhacht a bhaineann le slándáil an tslabhra soláthair TFC trí chritéir roghnúcháin atá oibiachtúil agus rioscabhunaithe a fhorchur, i gcás inarb iomchuí, ar critéir iad a bhaineann le cumas na dtairgeoirí ardleibhéal slándála a áirithiú do na seirbhísí a sholáthraítear. IARRANN SÍ go mbainfí amach an chothromaíocht cheart idir leas an phobail maidir leis an úsáid is éifeachtúla agus is cothroime a bhaint as cistí poiblí ar thaobh amháin agus leas an phobail maidir le córais faisnéise a dhaingniú agus feidhmiú rianúil an Mhargaidh Aonair a áirithiú ar an taobh eile. Chun cur chun feidhme na rialacha soláthair phoiblí ábhartha a éascú i bhfianaise mhéadú na cibearshlándála, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún treoirlínte modheolaíochta a fhorbairt faoin tríú ráithe de 2023 chun na húdaráis chonarthacha a spreagadh chun díriú go hiomchuí ar chleachtais chibearshlándála tairgeoirí agus a bhfochonraitheoirí, agus chun measúnú a dhéanamh agus, más gá, tograí a dhéanamh chun reachtaíocht ábhartha soláthair phoiblí a athbhreithniú nó a chomhlánú.

10. ADMHAÍONN SÍ go bhféadfadh rioscaí don tslándáil agus don ord poiblí a bheith ag baint le hinfheistíochtaí díreacha coigríche a bhaineann le táirgí agus seirbhísí TFC, cé go gcuireann siad sochair eacnamaíocha agus shóisialta ar fáil do na Ballstáit, do ghnólachtaí agus do shaoránaigh, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaí sásra an Aontais um Scagadh ar Infheistíocht Dhíreach Choigríche, mar aon le córais scagtha náisiúnta faoi seach, lena gcuirtear modhanna ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, a chur i bhfeidhm freisin mar uirlis úsáideach chun slándáil agus athléimneacht shlabhra soláthair TFC a chosaint trí rannchuidiú le deireadh a chur le hinfheistíochtaí ardriosca a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don tslándáil agus don athléimneacht sin. AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh faisnéis a mhalartaítear agus a roinntear tríd an sásra sin cabhrú leis na Ballstáit measúnú níos fearr a dhéanamh ar na bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do shlándáil slabhraí soláthair TFC agus na bearta is gá a dhéanamh dá réir. IARRANN SÍ ar na gníomhaithe náisiúnta ábhartha an ghné sin den sásra um scagadh a chur san áireamh freisin, i gcás inarb iomchuí.

11. Maidir le cosaint, ATHDHEARBHAÍONN SÍ a hiarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh in 2023, i gcomhar leis na Ballstáit, ar na rioscaí do shlabhraí soláthair an bhonneagair chriticiúil i réimsí éagsúla, lena n-áirítear an réimse digiteach, a bhaineann le leasanna slándála agus cosanta an Aontais chomh maith le féachaint ar roghanna chun an chibearshlándáil a mhéadú ar fud shlabhra soláthair iomlán Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí. Thairis sin, IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar shlándáil an tslabhra soláthair TFC i gcur chun feidhme ghealltanais agus ghníomhaíochtaí an Chompáis Straitéisigh.

12. Á aithint di a thábhachtaí atá amhábhair chriticiúla chomh maith le gach cineál leathsheoltóra mar bhunbhloic thógála le haghaidh táirgí TFC, MOLANN SÍ dul i mbun caibidlíocht chuiditheach maidir leis an Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú (Gníomh um Shliseanna) agus an Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach, a mhéid a bhaineann leis an gComhghnóthas Sliseanna.

IONSTRAIMÍ CIBEARSHONRACHA

13. Ag féachaint go sonrach ar an mbonneagar teileachumarsáide, ADMHAÍONN SÍ an méid atá bainte amach ar leibhéal an Aontais chun feabhas a chur ar shlándáil an tslabhra soláthair i líonraí 5G, go háirithe trí Bhosca Uirlisí an Aontais le haghaidh shlándáil 5G (Bosca Uirlisí AE 5G). IARRANN SÍ ar na Ballstáit faisnéis a mhalartú a thuilleadh maidir le dea-chleachtais agus modheolaíochtaí i ndáil le bearta a mholtar sa bhosca uirlisí AE 5G a chur chun feidhme, agus go háirithe na srianta ábhartha a chur i bhfeidhm maidir le soláthróirí ardriosca le haghaidh eochairshócmhainní a shainítear mar shócmhainní ríthábhachtacha íogaire i measúnú riosca comhordaithe an Aontais. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur ionstraim sholúbtha rioscabhunaithe atá i mBosca Uirlisí AE 5G chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála shainaitheanta, lenar féidir gnéithe cibearshlándála 5G a láimhseáil ar bhealach tráthúil éifeachtúil, agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú ag an am céanna, agus AITHNÍONN SÍ gur ionstraim luachmhar é chun tuilleadh feabhais a chur, go trédhearcach, ar shlándáil shlabhra soláthair na líonraí teileachumarsáide ar bhealach comhordaithe a d’fhéadfadh a bheith mar ionspioráid d’uirlisí measúnaithe riosca agus maolaithe a bhaineann le hearnálacha ríthábhachtacha eile. MEABHRAÍTEAR DI gur iarr na húdaráis ábhartha moltaí a cheapadh, bunaithe ar mheasúnuithe riosca, do na Ballstáit agus don Choimisiún chun na líonraí agus na bonneagair chumarsáide athléimneachta laistigh den Aontas Eorpach a threisiú, lena n-áirítear cur chun feidhme leanúnach Bhosca Uirlisí AE 5G.

14. TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá cineálacha cur chuige idir-inoibritheacha lenar féidir aghaidh a thabhairt ar ghaibhniú díoltóirí agus riosca comhchruinnithe a laghdú, agus slándáil an tslabhra soláthair ar fud speictream iomlán bhonneagar agus sheirbhísí TFC á bhfeabhsú ag an am céanna. Go háirithe maidir le líonraí 5G, AITHNÍONN SÍ na tairbhí a d’fhéadfadh a bheith ag baint le coincheap Open RAN i ndáil leis sin, agus MEABHRAÍTEAR DI, ag an am céanna, an Tuarascáil ar Chibearshlándáil Open RAN a d’fhoilsigh an Grúpa Comhair NIS agus é á thabhairt dá haire go bhfuil an coincheap sin fós á fhorbairt agus go bhfuil a shlándáil, a thrédhearcacht agus a chaighdeánú ag céim luath aibíochta, agus CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé measúnú a dhéanamh ar rioscaí sula ndéanfar aon aistriú chuig caighdeáin nó ailtireachtaí nua.

15. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS ábharthacht na n-ionstraimí reachtacha cothrománacha cibearshlándála atá ann cheana agus atá ar na bacáin, go háirithe an Rialachán maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (an Gníomh um Chibearshlándáil), an Treoir atá le teacht maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais (NIS2), an Togra le haghaidh Rialachán maidir le bearta a leagan síos le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, chomh maith leis an Togra le haghaidh Rialachán maidir le ceanglais chothrománacha cibearshlándála le haghaidh táirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu (an Gníomh um an gCibear-Athléimneacht), chun slándáil an tslabhra soláthair TFC a mhéadú. Ina theannta sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE na forbairtí tábhachtacha i rialacháin chibearshlándála earnáilsonracha, go háirithe an Rialachán a bheidh ann amach anseo maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais (DORA), lena n-áirítear creat maoirseachta do na soláthraithe seirbhíse TFC tríú páirtí atá criticiúil d'eintitis airgeadais. Gabhann oibleagáidí ginearálta leis na rialacháin sin a bhaineann le slándáil an tslabhra soláthair chomh maith le ceanglais mhionsonraithe shonracha atá ábhartha don earnáil lena mbaineann. Ag an am céanna, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur minic a sholáthraíonn soláthróirí a gcuid táirgí agus seirbhísí ar fud earnálacha éagsúla, seachas do thionscal aonair. Dá bhrí sin, tá sé thar a bheith tábhachtach a áirithiú go ndéanfar na ceanglais maidir le slándáil an tslabhra soláthair a ailíniú, a mhéid is féidir, sna hearnálacha ábhartha uile, go háirithe iad siúd a chumhdaítear le Treoir NIS 2 a bheidh ann amach anseo, chun neamhréireachtaí idir na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar sholáthróirí a sheachaint agus chun an t-ualach atá ar oibreoirí earnálacha criticiúla maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí sin ag soláthróirí a laghdú, agus sainiúlachtaí earnála á gcur san áireamh ag an am céanna.

16. IS DÍOL SÁSAIMH DI an togra le haghaidh Gníomh um an gCibear-Athléimneacht mar ionstraim reachtach thábhachtach chun forbairt shlán táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur chun cinn, agus chun a áirithiú go gcuirfear an chibearshlándáil san áireamh i saolré iomlán táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh an togra le haghaidh Gníomh um an gCibear-Athléimneacht cuidiú mór a thabhairt chun slándáil an tslabhra soláthair TFC a neartú. MOLANN SÍ caibidlíocht chuiditheach agus glacadh tráthúil an Ghnímh.

17. I ndáil leis an méid sin, AITHNÍONN SÍ an obair leanúnach atá á déanamh faoi stiúir ENISA, mar aon leis na Ballstáit agus geallsealbhóirí eile, chun scéimeanna deimhniúcháin a chur ar fáil don Aontas le haghaidh tháirgí, sheirbhísí agus phróisis TFC ar aon dul leis an nGníomh um an gCibearshlándáil lenar cheart cuidiú le leibhéal foriomlán na cibearshlándála a fheabhsú laistigh den Mhargadh Aonair Digiteach. MOLANN SÍ do na geallsealbhóirí uile a bheith rannpháirteach san obair ullmhúcháin maidir le scéimeanna deimhniúcháin Eorpacha aonair chun muinín a chothú as táirgí, próisis agus seirbhísí slána TFC agus chun a n-athléimneacht a neartú agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú go pras maidir leis na scéimeanna Eorpacha um dheimhniú tar éis an obair ullmhúcháin a chur i gcrích, go háirithe an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála atá bunaithe ar chritéir chomhchoiteanna (EUCC). TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart a áireamh sna scéimeanna Eorpacha um dheimhniú, i gcás inar gá, ceanglais maidir le slándáil an tslabhra soláthair, lena n-áirítear caidreamh le soláthróirí.

18. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá forálacha uile NIS 2 a bhaineann le slándáil an tslabhra soláthair TFC a chur chun feidhme go críochnúil. I ndáil leis an méid sin, CUIREANN SÍ I dTREIS a ábhartha atá measúnuithe riosca comhordaithe an Aontais ar shlabhraí soláthair criticiúla (measúnuithe riosca comhordaithe ar an slabhra soláthair), beartais náisiúnta maidir le slándáil an tslabhra soláthair agus bearta slándála a bhaineann leis an slabhra soláthair. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart aird a thabhairt ní hamháin ar na príomhsholáthróirí ach ar na fochonraitheoirí ábhartha freisin maidir le rioscaí do shlándáil an phríomhsholáthróra nó an chustaiméara deiridh. Chun cur chun feidhme beart bainistithe riosca sa slabhra soláthair a éascú, IARRANN SÍ ar ENISA, le cúnamh ón nGrúpa Comhair NIS, measúnú a dhéanamh ar na dea-chleachtais atá ar fáil do bhainistiú riosca sa slabhra soláthair agus iad a thiomsú i dtreoirlínte modheolaíochta. Ina theannta sin, IARRANN SÍ ar ENISA faireachán a dhéanamh ar infheistíochtaí i slándáil shlabhra soláthair TFC na n-eintiteas a rialaítear faoi Threoir NIS 2 atá ar na bacáin.

19. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS freisin na sochair agus na rioscaí a bhaineann le Soláthraithe Seirbhísí Bainistithe (MSPanna) agus Soláthraithe Seirbhísí Slándála Bainistíochta (MSSPanna) a úsáid i gcomhthéacs shlándáil an tslabhra soláthair. Cé gur féidir feabhas suntasach a chur ar an tslándáil laistigh d'eagraíochtaí trí úsáid a bhaint as na soláthraithe sin, agus leibhéil níos airde cibearshlándála a bheith mar thoradh air sin, d'fhéadfadh tionchar mórscála a bheith ag cianbhainistiú córas agus seirbhísí TFC mar aon le rochtain phribhléideach ar thimpeallacht TFC na gcustaiméirí, a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó MSPanna agus MSSPanna, a bheith ar líon mór custaiméirí i gcás ina gcuirfí MSPanna nó MSSPanna i mbaol. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go gcoinneodh MSPanna agus MSSPanna ardleibhéal slándála inmheánaí dá gcuid féin agus ardleibhéal slándála sna seirbhísí a sholáthraíonn siad agus go nglacfadh siad cur chuige trédhearcach i leith a gcustaiméirí maidir le slándáil na seirbhísí a sholáthraíonn siad. I ndáil leis an méid sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI go gcuirfear san áireamh iad i raon feidhme Threoir NIS 2 atá ar na bacáin.

20. Maidir le cur chun feidhme an tsásra le haghaidh measúnuithe riosca comhordaithe ar an slabhra soláthair de bhun Threoir NIS 2 atá ar na bacáin, TUGANN SÍ DÁ HAIRE ábharthacht na bhfachtóirí riosca neamhtheicniúla sa chomhthéacs sin, amhail tionchar míchuí ag tríú Stát ar sholáthróirí agus ar sholáthraithe seirbhísí, agus sa chomhthéacs sin, AITHNÍONN SÍ na fachtóirí is féidir a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar an bpróifíl riosca mar a luaitear i measúnú riosca comhordaithe an Aontais ar chibearshlándáil líonraí 5G. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, faoin dara ráithe de 2023, tar éis dó dul i gcomhairle le Grúpa Comhair NIS agus le ENISA, na seirbhísí, córais nó táirgí TFC sonracha a d'fhéadfaí a chur faoi réir na measúnuithe riosca comhordaithe ar an slabhra soláthair a shainaithint mar thosaíocht.

21. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil spleáchais ar sholáthróirí ardriosca táirgí agus seirbhísí TFC a úsáidtear chun líonraí agus córais chriticiúla a oibriú ina mbagairt straitéiseach nach mór a mhaolú trí bheartais iomchuí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon agus trí chomhar i measc na mBallstát agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta atá ar aon dearcadh leo. Chun maolú an riosca straitéisigh sin a éascú agus chun tacú leis na measúnuithe riosca comhordaithe ar an slabhra soláthair, IARRANN SÍ ar an nGrúpa Comhair NIS, i gcomhar leis an gCoimisiún agus le ENISA, bosca uirlisí beart a fhorbairt chun rioscaí criticiúla don slabhra soláthair TFC a laghdú (Bosca Uirlisí don Slabhra Soláthair TFC). Ba cheart don Bhosca Uirlisí don Slabhra Soláthair TFC cur leis na cásanna bagartha straitéiseacha arna sainaithint le haghaidh slabhraí soláthair TFC agus bearta a chur ar fáil chun freagairt ar na cásanna sin lena ndéanfaí taithí ó Bhosca Uirlisí 5G agus taithí a fuarthas ar an leibhéal náisiúnta a ghiaráil. Ba cheart dó, ar bhealach trédhearcach, na measúnuithe riosca comhordaithe ar an slabhra soláthair le haghaidh seirbhísí, córais nó táirgí TFC sonracha faoi Threoir NIS 2 atá ar na bacáin a chomhlánú, trí bhearta cineálacha a thairiscint chun rioscaí a laghdú ar féidir iad a choigeartú le haghaidh seirbhísí, córais nó táirgí TFC sonracha ar bhealach inscálaithe, ar bhonn na rioscaí arna sainaithint sna measúnuithe riosca comhordaithe aonair ar an slabhra soláthair.

22. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról tábhachtach atá ag an taighde, an nuálaíocht, na hinfheistíochtaí agus na gníomhaíochtaí fiontraíochta sa réimse digiteach agus cibearshlándála mar aon le maoiniú na ngníomhaíochtaí sin mar ábhair imní chun spleáchais straitéiseacha nach dteastaíonn a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a sheachaint agus athléimneacht fhoriomlán shlabhraí soláthair TFC a neartú. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT ról agus ábharthacht chúraimí straitéiseacha agus chur chun feidhme an Lárionaid Eorpaigh um Inniúlachtaí Tionsclaíochta, Teicneolaíochta agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Comhordúcháin Náisiúnta (ECCC) araon chun rannchuidiú le héifeachtaí na n-infheistíochtaí a uasmhéadú chun ceannaireacht agus uathriail straitéiseach oscailte an Aontais a neartú i réimse na cibearshlándála agus chun acmhainneachtaí agus scileanna teicneolaíochta tacaíochta an Aontais a mhéadú agus chun cur le hiomaíochas domhanda an Aontais. I ndáil leis an méid sin, IARRANN SÍ go ndéanfar ECCC a oibríochtú go tapa. IARRANN SÍ ar ECCC gnéithe slándála an tslabhra soláthair TFC a chur san áireamh, lena n-áirítear, mar shampla, forbairt shlán bogearraí, ina gClár Oibre Straitéiseach agus comhsheasmhacht agus comhlántacht á n-áirithiú agus aon dúbláil iarrachta á seachaint ag an am céanna. TACAÍONN SÍ le feabhas a chur ar iomaíochas na hEorpa i réimse na cibearshlándála trí chláir chistiúcháin, amhail Clár Fís Eorpach le haghaidh taighde agus nuálaíochta chomh maith leis an gClár don Eoraip Dhigiteach chun acmhainneachtaí bunriachtanacha i ngeilleagar, sochaí agus daonlathas digiteach an Aontais a threisiú, a fhorbairt agus a fháil.

SÁSRAÍ TACAÍOCHTA

23. MOLANN SÍ borradh a chur faoi dhreasachtaí tacaíochta airgeadais a bhaineann le bearta atá dírithe ar shlándáil an tslabhra soláthair TFC a neartú. IARRANN SÍ, mar ábhar tosaíochta, i bhfianaise chur chun feidhme Threoir NIS 2 atá ar na bacáin, ar ECCC, ar an gCoimisiún agus ar na geallsealbhóirí ábhartha féachaint ar roghanna maidir le gnéithe slándála an tslabhra soláthair TFC a áireamh sna glaonna atá ar na bacáin laistigh de na Cláir Oibre Cibearshlándála faoin gClár don Eoraip Dhigiteach agus faoin gClár Fís Eorpach, nó aon deiseanna cistiúcháin ábhartha eile. Ba cheart na deiseanna cistiúcháin sin a bheith dírithe, i measc nithe eile, ar chéadú do na heagraíochtaí tacú le hardleibhéal cibearshlándála a choinneáil maidir le soláthar táirgí agus seirbhísí TFC ar fud an tslabhra soláthair, go háirithe i ndáil le seirbhísí, córais nó táirgí criticiúla TFC sonracha a ionadú a aithnítear go mbaineann ardriosca leo i gcomhréir leis na measúnuithe riosca comhordaithe ar an slabhra soláthair amach anseo.

24. AITHNÍONN SÍ go bhfágann domhandú agus speisialtóireacht seirbhísí TFC agus spleáchas méadaithe ar tháirgí agus seirbhísí tríú páirtí go bhfuil gá le dlúthchomhar laistigh den Aontas agus go hidirnáisiúnta maidir le heolas agus saineolas a roinnt i measc na ngeallsealbhóirí ábhartha agus MOLANN SÍ dóibh seasamh láidir comhordaithe a aimsiú lena n-áiritheofar slándáil shlabhra soláthair TFC ar bhealach cuimsitheach. AITHNÍONN SÍ freisin gur gá cineálacha cur chuige agus teicnící úrscothacha ábhartha a fhiosrú a thuilleadh, le haghaidh cibearshláinteachas bunúsach iomchuí agus réitigh fhadtéarmacha iomchuí chun slabhraí soláthair TFC atá slán agus athléimneach a bhaint amach chomh maith leis na bealaí is oiriúnaí lena gcur chun cinn agus lena n-ionchorprú i dtionscnaimh bheartais nó i dtionscnaimh eile a aimsiú. AITHNÍONN SÍ i ndáil leis sin gur cheart aird ar leith a thabhairt ar na sochair agus na míbhuntáistí a bhaineann le réitigh chórasacha a fhiosrú, amhail prionsabail na n-iontaobhas nialasach, bille bogearraí ábhar, agus réitigh fhadtéarmacha chomhchosúla. MOLANN SÍ go n-úsáidfí Grúpa Comhair NIS chun na críche sin.

25. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na sochair a bhaineann le faireachán agus comhroinnt éifeachtach faisnéise maidir le cibeartheagmhais agus maidir le bagairtí chun éifeachtaí ionsaithe sa slabhra soláthair a chosc, a bhrath agus a mhaolú. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur gá leanúint de mhuinín agus iontaoibh chothú idir na Ballstáit chun an fhaisnéis sin a chomhroinnt go héifeachtach. MEABHRAÍTEAR DI i dtaca leis an méid sin an togra ón gCoimisiún chun tacú leis na Ballstáit Lárionaid Oibríochta Slándála (SOCanna) a bhunú agus a neartú d'fhonn líonra SOCanna a thógáil ar fud an Aontais, chun faireachán breise a dhéanamh ar chomharthaí ionsaithe ar líonraí agus chun na comharthaí sin a thuar. MEABHRAÍONN SÍ an gá atá le comhlántacht agus comhordú laistigh de na líonraí agus na sásraí atá ann cheana, go háirithe, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go háirithe ról Líonra CSIRTanna agus an gá atá leis na líonraí sin a fhiosrú a thuilleadh chun cultúr comhroinnte faisnéise atá éifeachtúil, slán agus iontaofa a chur chun cinn. MEABHRAÍTEAR DI na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag na Ballstáit, le tacaíocht ón Aontas, CSIRTanna earnála, náisiúnta agus réigiúnacha agus Lárionaid náisiúnta nó Eorpacha um Chomhroinnt agus Anailís Faisnéise (ISACanna) a bhunú mar chuid de líonra éifeachtach comhpháirtíochtaí cibearshlándála san Aontas.

26. De bharr cineál idirnasctha domhanda na mbagairtí ar an slabhra soláthair TFC, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé dul i ngleic le slándáil an tslabhra soláthair TFC agus í a fheabhsú ar an leibhéal domhanda. I bhfianaise an mhéid sin, MOLANN SÍ go n-úsáidfear comhpháirtíochtaí digiteacha, cibir-idirphlé agus tionscnaimh ábhartha eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, comhaontuithe saorthrádála, chun meastóireachtaí rioscabhunaithe ar sholáthróirí táirgí TFC agus ar sholáthraithe seirbhísí TFC a chur chun cinn, chun soláthróirí iontaofa a úsáid agus chun éiceachóras digiteach slán agus nuálach a fhostú bunaithe ar chaighdeáin oscailte idir-inoibritheacha thrédhearcacha. Ina theannta sin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ an fhís atá ag comhpháirtíochtaí na Tairsí Domhanda chomh maith leis an gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe, agus na gníomhaíochtaí faoina meithleacha, chun úsáid soláthróirí iontaofa/neamh-ardriosca a chur chun cinn agus sásra maoiniúcháin a fhorbairt chun tionscadail a chumasú lena ndéanfar bonneagar agus seirbhísí TFC i dtríú Stáit níos sláine, níos athléimní agus níos iontaofa, lena n-áirítear trí staonadh ó cheannacháin ó sholáthraithe neamhiontaofa/ardriosca a mhaoiniú ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de.

27. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tiomantas rannchuidiú le cibearspás oscailte saor domhanda cobhsaí slán agus é a chur chun cinn, agus cloí leis na noirm, na rialacha agus na prionsabail maidir le hiompar freagrach stáit sa chibearspás a leagtar amach i gcreat na Náisiún Aontaithe. Maidir le slándáil an tslabhra soláthair TFC go háirithe, MEABHRAÍTEAR DI an norm a d'fhormhuinigh GGE na Náisiún Aontaithe agus OEWG chun Stáit a spreagadh chun bearta réasúnacha a ghlacadh chun sláine an tslabhra soláthair a áirithiú, lena n-áirítear trí bhearta comhoibritheacha oibiachtúla a fhorbairt, ionas gur féidir le húsáideoirí deiridh muinín a bheith acu as slándáil tháirgí TFC, agus féachaint le leathadh uirlisí agus teicnící mailíseacha TFC agus úsáid feidhmeanna díobhálacha folaithe a chosc, agus MOLANN SÍ go gcuirfear chun feidhme go forleathan é.